Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2026
(OR. en, fr)

9663/26
PV CONS 31
AG 82
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

26 Bealtaine 2026

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9372/26.

2. **Formheas na míreanna 'A'**
**(a) Liosta neamhreachtach** 9481/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9482/26

**Gnóthaí Ginearálta**

1. **Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach** S 8707/26 + ADD 1 6708/26 AG
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 20.5.2026

Ghlac an Chomhairle Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach (bunús dlí: Airteagal 223(1) CFAE agus Airteagal 106a(1) Euratom), agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

2. **Treoir ón gComhairle maidir le vótálaithe soghluaiste i dtoghcháin bhardasacha** S C 8354/1/26 REV 1 + REV 1 ADD 1 REV 1 8338/26 + COR 1 AG INST
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 20.5.2026

Ghlac an Chomhairle an Treoir ón gComhairle maidir le vótálaithe soghluaiste i dtoghcháin bhardasacha (bunús dlí: Airteagal 22(1) CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034** S C 9146/26
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle.
Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**4. Aon ghnó eile**

**(a) Na réigiúin is forimeallaí agus na tíortha agus na críocha thar lear sa chéad CAI eile** [S][C] 9638/26
*Faisnéis ón bhFrainc*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus maidir le tíortha agus críocha thar lear sa chéad CAI eile.

**Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha**

5. Ullmhúchán do Chomhairle Eorpach an 18-19 Meitheamh 2026: dréachtchlár oibre anótáilte 7872/26
*Seisiún tuairimíochta*

6. An caidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe
*Staid na himeartha*

7. An t-idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta: plé tírshonrach 5019/26
*Seisiún tuairimíochta*

8. Aon ghnó eile

(a) Staid an smachta reachta san Ungáir i gcomhthéacs nós imeachta Airteagal 7(1) CAE atá ar siúl faoi láthair 9636/26
*Faisnéis ón Ungáir*

---

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9482/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an Ionstraim maidir le toghadh feisirí de Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN**

'Ag brath ar an gcaoi a roinntear na freagrachtaí cúraim leanaí i gcás leanaí nuabheirthe laistigh den teaghlach, is baol go gcuirfí bac ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, idir fhir agus mhná, páirt a ghlacadh san obair pharlaiminteach. Dá bhrí sin, b'fhearr leis an tSualainn leasú níos leithne lena gcumhdófaí ní hamháin máithreacha atá tar éis leanbh a shaolú le déanaí, ach tuismitheoir eile an linbh nuabheirthe chomh maith. Mar sin féin, is díol sásaimh don tSualainn an cinneadh seo agus dar léi is céim dhearfach í i dtreo an chomhionannais inscne agus dálaí oibre a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun cinn d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN DANMHAIRG**

'Leagann an Ísiltír agus an Danmhairg béim ar a thábhachtaí atá sé socrú lena gcuirfear ar chumas Fheisirí Pharlaimint na hEorpa páirt a ghlacadh sa vótáil iomlánach le linn toirchis agus sna míonna tar éis leanbh a thabhairt ar an saol, a bhunú. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Ísiltír agus don Danmhairg gur glacadh an cinneadh ón gComhairle lena leasaítear an ionstraim um thoghcháin, lena gceadófar do na Feisirí a vóta a tharmligean go sealadach sa chaoi is go bhféadfaidh siad díriú ar a saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh.

Ag an am céanna, b'fhearr leis an Ísiltír agus leis an Danmhairg dá mbeadh raon feidhme níos leithne ag gabháil leis togra, lena gcumhdófaí, cuir i gcás, an tsaoire atharthachta agus an bhreoiteacht fhadtéarmach. Ina theannta sin, tugann an Ísiltír agus an Danmhairg dá n-aire go bhféadfadh raon feidhme iomlán dhualgais Feisire de Pharlaimint na hEorpa a chumhdach dá dtabharfaí scéim ionadaíochta sealadaí isteach.

Dá bhrí sin, tá an Ísiltír agus an Danmhairg den tuairim gur céad chéim dhearfach é an togra seo agus tá siad faoi réir le leanúint den obair le Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún maidir le céimeanna breise a bhaineann leis na socruithe saoire tuismitheora d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa.

Tugann an Ísiltír agus an Danmhairg dá n-aire freisin go bhfuil prionsabal an tsaor-shainordaithe agus na vótála gan treoracha ceangailteacha, go bhfuil siad leabaithe go daingean ar fud an Aontais Eorpaigh agus in Ionstraim an Aontais um Thoghcháin. Is den ríthábhacht é nach mbeidh na hionadaithe tofa faoi cheangal ag treoracha vótála agus go mbeidh siad in ann vótáil gan bhac. Is mian leis an Ísiltír agus leis an Danmhairg a chur in iúl go láidir nach bhfuil aon mhaolú ar phrionsabal an tsaor-shainordaithe i gceist leis an togra maidir le cearta vótála a aistriú, mar a leagtar síos sa dara habairt d'Airteagal 6(1) d'Ionstraim an Aontais um Thoghcháin.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | Treoir ón gComhairle maidir le vótálaithe soghluaiste i dtoghcháin bhardasacha<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC**

'Is díol sásaimh don Fhrainc gur tugadh chun críche an t-athmhúnlú ar cuireadh tús leis in 2021 ar an dá Threoir ón gComhairle maidir leis an gceart atá ag saoránaigh shoghluaiste vótáil i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin bhardasacha. Leis an téacs athmhúnlaithe maidir le toghcháin Eorpacha (a glacadh an 24 Meitheamh 2025) agus an téacs athmhúnlaithe maidir le toghcháin bhardasacha atá idir lámha againn faoi láthair, fágfar go mbeidh sé níos fusa do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh a bhfuil cónaí orthu i mBallstát de chuid an Aontais seachas an Ballstát ar náisiúnach dá chuid iad páirt a ghlacadh sna toghcháin sin.

Maidir leis an bhféidearthacht go gceanglódh an Stát cónaithe go ndearbhódh an vótálaí soghluaiste nár baineadh a gceart chun vótála díobh ina Stát tionscnaimh, ní luaitear an méid sin sa téacs maidir le toghcháin bhardasacha go díreach, ach luaitear é sa téacs maidir le toghcháin Eorpacha. Fiú má shuitear go bhféadfaidh na Ballstáit sin ar mian leo sin a dhéanamh ráiteas mar sin a éileamh le haghaidh toghcháin bhardasacha ar bhonn a bhforálacha náisiúnta, agus ar a mbonn sin amháin, measann an Fhrainc, ina ainneoin sin, go mbeadh ciall leis dá gcomhchuibheofaí foclaíocht an dá Threoir maidir leis an ábhar sin ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil tráth a ndéanfar an chéad athbhreithniú eile.'

**<u>Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 9372/26</u>**

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034<br>*Díospóireacht bheartais* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN mBULGÁIR, ÓN tSEICIA, ÓN EASTÓIN, ÓN nGRÉIG, ÓN SPÁINN, ÓN gCRÓIT, ÓN UNGÁIR, ÓN IODÁIL, ÓN LIOTUÁIN, ÓN LAITVIA, Ó MHÁLTA, ÓN bPOLAINN, ÓN bPORTAINGÉIL, ÓN RÓMÁIN, ÓN tSLÓIVÉIN, ÓN tSLÓVAIC**

'Is é Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 an ionstraim straitéiseach chun ár gcuspóirí coiteanna agus an fhís uaillmhianach maidir le todhchaí an Aontais a bhaint amach. **Chun Eoraip níos iomaíche, níos rathúla, níos láidre agus níos sábháilte a bhaint amach, tá gá le maoiniú leordhóthanach a bheidh ag teacht lenár n-uaillmhian pholaitiúil agus a bheidh curtha in oiriúint don réaltacht gheopholaitiúil nua.**

Ní mór don chéad CAI eile leanúint d'**acmhainní leordhóthanacha a áirithiú do bheartais a eascraíonn as oibleagáidí an Chonartha, amhail an Beartas Comhtháthaithe, an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus an Comhbheartas Iascaigh (CBI),** beartais a bhfuil ról bunúsach acu maidir le cóineasú, fás eacnamaíoch agus slándáil bia a chur chun cinn. An tráth céanna, ba cheart don chéad CAI eile a bheith thaca chun **tacú le borradh a chur faoi uathriail straitéiseach an Aontais agus leanúint d'iomaíochas,** aistriú aeráide agus digiteach, slándáil agus cosaint, táirgiúlacht agus nuálaíocht **an Aontais** a neartú agus ba cheart dó bonn láidir a áirithiú do Mhargadh Aonair lán-chomhtháite. Ní mór dó **freagairt** freisin **do dhúshláin nua** amhail rioscaí slándála, suaití sa trádáil dhomhanda, an t-aistriú fuinnimh agus an tslándáil, an imirce, rud a léiríonn an staid gheopholaitiúil. Dá bhrí sin, is é méid CAI mar atá molta ag an gCoimisiún mar bhonn chun plé a dhéanamh ar conas aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar riachtanais airgeadais an Aontais.

**Sa togra ón gCoimisiún, is iad an Beartas Comhtháthaithe, CBT agus CBI an t-aon trí bheartas a bhfuil laghduithe i dtéarmaí réadacha le sárú acu**, in ainneoin an mhéadaithe fhoriomláin ar mhéid an CAI nua. Cuireann na beartais sin go mór le príomhchuspóirí an Aontais agus tá a gcuspóirí atá bunaithe ar na Conarthaí go hiomlán ábhartha i gcónaí. **Is iad an Beartas Comhtháthaithe agus CBT na beartais is feiceálaí de chuid an Aontais do shaoránaigh an Aontais.**

Sa chomhthéacs sin, **iarraimid go méadófaí leithdháiltí na mBallstát** faoi **Cheannteideal 1 do na beartais atá bunaithe ar na Conarthaí.**

Ba cheart go leanfadh na Ballstáit de bheith lánfhreagrach as clársceidealú na leithdháiltí sin go háirithe ag tús na clárthréimhse agus ag an athbhreithniú meántéarma. Níor cheart tionchar a bheith ag an sásra stiúrtha atá beartaithe ar shainchumais chlársceidealaithe na mBallstát. Cé gur féidir le hionstraimí bainistíochta comhroinnte cur leis an gcreat tagartha atá beartaithe, níor cheart go dtiocfadh oibleagáidí as moltaí ar bhonn córasach, ós rud é go mbeadh sé contrártha do phrionsabal na bainistíochta comhroinnte agus don chur chuige áitbhunaithe.

Chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtach as cistí an Aontais sa bhainistíocht chomhroinnte, tá **coinníollacha cur chun feidhme réalaíocha fabhracha ríthábhachtach** chun tacú le hinfheistíochtaí fadtéarmacha agus le caiteachas ar ardchaighdeán. Chuige sin, ní mór **riail N+ 3 a choinneáil** maidir le saoradh, próifílí cothroma gealltanais agus íocaíochta, chomh maith le rátaí leordhóthanacha **réamh-mhaoinithe agus cómhaoinithe an Aontais do bhearta CBT agus CBI, don Bheartas Comhtháthaithe lena n-áirítear** infheistíochtaí **an Chiste Comhtháthaithe** agus cistí **Gnóthaí Baile**. Ag an am céanna, níor cheart uirlis ghéarchéime chórasach a dhéanamh den Bheartas Comhtháthaithe, a chuirfí in ionad ionstraimí eile de chuid an Aontais chun na críche sin: ba cheart an cúlchiste 10 % atá beartaithe le haghaidh géarchéimeanna a laghdú; ba cheart ath-chlársceidealú na mbeart leanúnach sa Phlean a bheith ina rogha dheonach do na Ballstáit i gcónaí, agus rochtain ar an gcúlchiste le haghaidh géarchéimeanna agus ar Shaoráid an Aontais á háirithiú ag an am céanna. Ina theannta sin, ba cheart cistiú iomchuí, urraithe a thabhairt don Bheartas Comhtháthaithe do gach catagóir réigiúin.

Tacaímid leis an mbéim atá á leagan i g**Ceannteideal 2** ar an **iomaíochas**. A mhéid a bhaineann leis an g**Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), aithnímid a lárnaí atá phrionsabal an bharr feabhais agus an gá atá ann é a fhiosrú go hiomlán ar fud an Aontais.** Dá bhrí sin, ní mór rochtain éifeachtach chuimsitheach a áirithiú chun **an t-iomaíochas foriomlán a neartú ar fud an Aontais.** Chun rannpháirtíocht a mhéadú agus fothú acmhainneachta a chothú ar fud an Aontais, ba cheart bearta sonracha a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag eintitis ag a bhfuil níos lú taithí ar ghlaonna iomaíocha, agus **béim ar leith á leagan ar FBManna**, cnámh droma gheilleagar an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart **coinníollacha cur chun feidhme níos fabhraí,** ráta cómhaoinithe 85 % an Aontais do na Ballstáit ag a bhfuil OIN *per capita* faoi bhun mheán AE27 cuir i gcás, a áirithiú freisin don t**Saoráid um Chónascadh na hEorpa,** i bhfianaise a mhéid a rannchuidíonn sí leis an Margadh Aonair a ghiaráil agus le hathléimneacht an Aontais a chothú.

Tá cairde an Chomhtháthaithe sásta plé a dhéanamh ar thograí le haghaidh **acmhainní dílse nua** a laghdódh go héifeachtach an brú ar bhuiséid na mBallstát. Ní mór an plé sin a nascadh leis an gcaibidlíocht fhoriomlán maidir le CAI. **Ní mór** aon acmhainní dílse nua **a bheith fíor, cothrom, simplí agus gan a bheith cúlchéimnitheach.**

**Ní mór deireadh a chur le lacáistí atá nasctha leis an acmhainn dhílis atá bunaithe ar OIN**[1] – níl aon réasúnaíocht pholaitiúil ná eacnamaíoch ann chun iad a thabhairt isteach arís ar thaobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais. Níor cheart neamhaird a thabhairt ar bhreisluach an mhargaidh aonair agus an Aontais ina iomláine, ná ar éifeachtaí iarmharta bhuiséad an Aontais.

Ba cheart féachaint ar **scéim aisíocaíochta níos céimsí de Next Generation EU agus iasachtaíocht chomhpháirteach nua le haghaidh tacaíocht iasachta** (Catalyst Europe, cuir i gcás) mar roghanna chun infheistíochtaí agus earraí poiblí Eorpacha atá riachtanach don uathriail straitéiseach fhadtéarmach a mhaoiniú, lena n-áiritheofar gur féidir le CAI aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin agus ar thosaíochtaí athraitheacha an Aontais.

**Tá cairde an Chomhtháthaithe faoi réir le rannchuidiú ar bhealach cuiditheach chun teacht ar** chomhréiteach **cothrom a rachaidh chun tairbhe don Aontas Eorpach ar fad.** Is é an cuspóir comhroinnte atá againn buiséad **nua-aimseartha** a bhaint amach **a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla na mBallstát agus na réigiún**.'

---

**1** Tá feidhm ag na holl-laghduithe ar an ranníocaíocht bhliantúil atá bunaithe ar OIN go dtí deireadh 2027, de réir an Chinnidh reatha maidir le hAcmhainní Dílse.